gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Tuarascáil Bhliantúil 2023

Funded by:
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills
Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN UNION
Investing in your Future
European Social Fund
SOLAS
An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
Further Education and Training Authority

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin GRETB.....Error! Bookmark not defined.

Bord Bainistíochta Bhord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin 4

Freastal Comhaltaí Boird..... 5

An Coiste um Iniúchóireacht & Riosca..... 6

An Coiste Airgeadais 6

Rialachas 7

Struchtúr Rialachais 7

Feidhmeanna an Bhoird..... 7

Cód Cleachtais do Rialachas ETBanna..... 8

Ról an Bhoird maidir le Ráitis Airgeadais..... 8

Bainistíocht Riosca..... 9

Dualgas Earnála Poiblí..... 9

Nochtuithe Cosanta 9

Próifíl Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin 10

Fís, Misean, Bunluachanna & Cuspóirí Straitéiseacha.....Error! Bookmark not defined.

Figiúirí Rolla i Scoileanna agus Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna GRETB 12

Ráiteas Straitéise 2023.....Error! Bookmark not defined.

Ráitis Airgeadais 2023.....Error! Bookmark not defined.

Teachtaireacht ó Chathaoirleach agus Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Tá ríméad ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB) ár dTuarascáil Bhliantúil do 2023 a chur i láthair. Tugann an tuarascáil seo deis dúinn buíochas a ghlacadh le gach ball den Bhord as a gcomhoibriú gníomhach ar mhaithe le misean an GRETB a chur chun cinn ar go leor bealaí - freastal ar Bhoird Agallamh, rannpháirtíocht ar Bhoird Bainistíochta, ar Choistí Comhairliúcháin agus freastal ar Chruinnithe Réigiúnacha agus Náisiúnta. Ba mhaith linn ár mbuíochas foirmiúil a chur in iúl do na Príomhoidí, na Príomhoidí Tánaisteacha agus Comhordaitheoirí as an mbealach forásach a ndéanann siad ceannaireacht ar na scoileanna agus ionaid, do na múinteoirí as caighdeán a gcuid oibre laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, d'fhoireann an Oideachais Aosaigh agus Breisoideachais agus Oiliúna as a dtiomantas don chaighdeán is airde ag am a bhfuil go leor athruithe ag tarlú san earnáil, don fhoireann neamh-theagaisc agus riaracháin as a ndúthracht, tiomantas agus dílseacht, do na tuismitheoirí as a dtacaíocht leanúnach, do na Boird Bhainistíochta agus na Coistí éagsúla a thugann a gcuid ama go fial flaithiúil ar mhaithe le hobair an GRETB a chur chun cinn.

Is é straitéis an GRETB ná "Daoine á gCumasú don Saol". Tugann an tuarascáil seo léiriú ar thiomantas an GRETB maidir le freastal ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí a úsáideann ár seirbhísí ag leibhéal bunscoile, meánscoile, breisoideachais agus oiliúna. Tá ár bhfoghlaimeoirí i gceartlár gach rud a dhéanaimid agus is é ár mian do gach duine acu ná go gcumasaítear don saol iad trína dtaithí le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Is mian linn aitheantas a thabhairt d'oifigigh na Roinne Oideachais, na Roinne Breisoideachais & Ardoideachais, Taighde, Nualaíochta agus Eolaíochta, SOLAS, na Roinne Leanaí & Gnóthaí Óige, na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, d'Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation, Léargas agus ár maoinitheoirí eile go léir as a dtacaíocht agus comhoibriú ag leathnú obair an GRETB.

Ar deireadh, tugaimid aitheantas freisin do na baill foirne fadseirbhíse atá imithe ar scor agus guímid sláinte agus sonas dóibh ina saol amach anseo agus glacaimid buíochas leo as an tseirbhís a thug siad do na foghlaimeoirí faoinár gcúram.

Gabhaim buíochas ó chroí le chuile dhuine a d'oibrigh agus a oibríonn le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Go raibh míle maith agaibh go léir.

An Comh. Michael Maher

Cathaoirleach

An tUas. David Leahy

Príomhfheidhmeannach

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH - AN tUAS DAVID LEAHY

COMHALTA BOIRD	Foras Ainmniúcháin
Bernadette Costello, Uasal	Forais arna sainiú ag an Aire
Nora Fahy, Uasal	Forais arna sainiú ag an Aire
An Dochtúir Michael Hannon	Forais arna sainiú ag an Aire
Mary Mullarkey, Uasal	Forais arna sainiú ag an Aire
An tUas. Tomás Ó Nidh	Forais arna sainiú ag an Aire
An Comh. Michael Crowe (Éirithe as 2023)	Ainmní Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comh. John Connolly	Ainmní Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comh. Noel Larkin	Ainmní Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comh. Terry O'Flaherty	Ainmní Chomhairle Cathrach na Gaillimhe
An Comh. Karey McHugh Farag (Éirithe as 2023)	Ainmní Chomhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Dochtúir Evelyn Parson	Ainmní Chomhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Michael Maher (Cathaoirleach)	Ainmní Chomhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Peter Roche	Ainmní Chomhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Thomas Welby	Ainmní Chomhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Shane Curley	Ainmní Chomhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Mary Hoade	Ainmní Chomhairle Chontae na Gaillimhe
An Comh. Laurence Fallon	Ainmní Chomhairle Chontae Ros Comáin
An Comh. Kathleen Shanagher (Leaschathaoirleach)	Ainmní Chomhairle Chontae Ros Comáin
An Comh. John Cummins	Ainmní Chomhairle Chontae Ros Comáin
An tUas. Daniel Cronin	Ainmní Foirne
Jean Beswick, Uasal	Ainmní Foirne

Dátaí Chruinnithe Boird an GRETB i 2023					
21 Feabhra	28 Márta	9 Bealtaine	13 Meitheamh	12 Meán Fómhair	14 Samhain

Freastal Chomhaltaí an Bhoird

Freastal Chomhaltaí an Bhoird – Eanáir go Nollaig 2023

Ainm an Chomhalta Boird	21.02	28.03	09.05	13.06	12.09	14.11	Líon Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
An Comh. Noel Larkin	√	√	X	√	√	√	5/6
An Comh. Michael Crowe	X	D'éirigh as					
An Comh. John Connolly			Chuaigh in ionad Comh. M Crowe	X	X	X	0/3
An Comh. Terry O'Flaherty	√	√	√	√	√	√	6/6
An Comh. Kathleen Shanagher	√	√	√	√	√	√	6/6
An Comh. Laurence Fallon	√	√	√	X	√	√	5/6
An Comh. John Cummins	√	x	√	√	X	X	3/6
An Comh. Michael Maher*	√	√	√	√	√	√	6/6
An Comh. Karey McHugh Farag	√	√	X	x	D'éirigh as		2/4
An Comh. Dr Evelyn Parsons						Chuaigh in ionad Comh. McHugh	
An Comh. Thomas Welby	x	√	X	√	√	√	4/6
An Comh. Shane Curley	√	x	√	X	X	√	3/6
An Comh. Peter Roche	√	√	√	√	√	√	6/6
An Comh. Mary Hoade	√	√	√	√	√	√	6/6
Jean Beswick, Uasal	√	√	√	√	√	√	6/6
An tUas. Daniel Cronin	x	√	√	√	√	√	5/6
Bernadette Costello, Uasal	√	√	√	√	√	√	6/6
An tUas. Tomás Ó Nidh	√	√	√	x	√	√	5/6
Nora Fahy, Uasal	x	√	√	√	X	√	4/6
Mary Mullarkey, Uasal	√	√	√	x	√	√	5/6
An Dr. Michael Hannon	√	√	X	√	√	√	5/6

*Tá an Comh. Michael Maher ina bhall d'Fhóram Chomhaltaí Forchoimeádta an BOOÉ.

Tá dhá Choiste bunaithe ag an mBord de réir Alt 45 d' Acht 2013: an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais. Is é aidhm an dá Choiste sin ná cuidiú leis an mBord lena mbreithniú ar cheisteanna a bhaineann le hiniúchadh, rialachas, bainistíocht riosca agus airgeadas, is ar Bhord an GRETB áfach atá an fhreagracht astu sin agus is iad a dhéanann na cinntí deiridh a bhaineann leis na réimsí sin go léir. In 2023 tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile cúig uaire agus an Coiste Airgeadais iad féin cúig uaire.

An Coiste Iniúchóireachta & Riosca

Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta & Riosca							
Ballraíocht Coiste 2023		9 Márta	21Márta	30 Bealtaine	15 Meán Fómhair	24 Samhain	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu
Martina Moloney, Uasal (Cathaoirleach)	**Comhalta Seachtrach**	✓	✓	✓	✓	✓	**5/5**
An tUas. Gerry Finn	**Comhalta Seachtrach**	✓	✓	✓	✓	✓	**5/5**
An Bráthair James Mungovan	**Comhalta Seachtrach**	**X**	**D'éirigh as**				**X**
Mary Coyne, Uasal	**Comhalta Seachtrach**	**√**	**√**	**√**	**X**	**√**	**4/5**
An Comh. Laurence Fallon	**Comhalta Boird**	**X**	**X**	**√**	**√**	**√**	**3/5**
An Comh. Mary Hoade	**Comhalta Boird**	✓	✓	✓	✓	✓	**5/5**
An tUas. Michael Henehan	**Comhalta Boird**		**Chuaigh in ionad an Bhráthair James**	**√**	**√**	**√**	**3/3**

An Coiste Airgeadais

Clár Tinrimh agus Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais							
Ballraíocht an Choiste Airgeadais 2023		**16 Feabhra**	**21 Márta**	**6 Meitheamh**	**3 Deireadh Fómhair**	**5 Nollaig**	**Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu**
Mary Mullarkey, Uasal (Cathaoirleach)	**Comhalta Boird**	✓	✓	✓	✓	✓	**5/5**
An Comh. Michael Maher	**Comhalta Boird**	✓	✓	✓	✓	✓	**5/5**
An Comh. Michael Crowe	**Comhalta Boird**	**X**	**D'éirigh as**				**X**
An tUas. Jim Fennel	**Comhalta Seachtrach**		**Chuaigh in ionad An Comh. M Crowe**	✓	✓	**X**	**2/3**
Bernadette Costello, Uasal	**Comhalta Boird**	✓	✓	✓	✓	✓	**5/5**

An tUas. Ivor Gleeson	**Comhalta Seachtrach**	X	✓	✓	✓	✓	**4/5**
An tUas. Charlie Notley	**Comhalta Seachtrach**	✓	✓	✓	✓	✓	**5/5**

In éineacht leis na coistí Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais, tacaíonn na coistí seo a leanas freisin le hobair an Bhoird:

- Breisoideachas, Printíseacht agus Oiliúint,
- Ógtheagmháil,
- Ionad Oideachais Allamuigh agus Oiliúna Cheapach na gCapall,
- An Óige agus na hEalaíona,
- Boird Bhainistíochta i scoileanna GRETB.

Rialachas

Struchtúr Rialachais

Is údarás oideachais agus oiliúna áitiúil agus reachtúil é Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRETB). Tá Bord an GRETB bunaithe de réir Alt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Ar an mbord tá 21 comhalta, 12 acu tofa ag údaráis áitiúla, beirt bhall foirne, beirt ionadaithe do na tuismitheoirí agus cúigear comhalta le saineolas ar oideachas agus oiliúint.

Feidhmeanna an Bhoird

Tá feidhmeanna an Bhoird, ar a dtugtar feidhmeanna forchoimeádta, leagtha síos in Alt 12 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 (féach achoimre thíos):

- Iarratas chuig an Aire, ar ainm, le gur féidir leis an mBord é féin a chur in aithne chun críche oibriúcháin,
- Príomhfheidhmeannach a cheapadh,
- Príomhfheidhmeannach a chur ar fionraí,
- Scoláireacht a bhunú,
- Tuairim a thabhairt maidir le daoine ar gá don Phríomhfheidhmeannach dul i gcomhairle leo d'ullmhú ráiteas straitéise,
- Ráiteas Straitéise a ghlacadh,
- Tuarascáil Bhliantúil a ghlacadh,
- Bronntanais a ghlacadh nó a bheith comhdhéanta mar iontaobhaí,
- Cinneadh lena n-údaraítear freastal comhalta ar chomhdháil, seimineár, cruinniú nó imeacht,
- Maidir le Coiste ETB (i) an coiste a bhunú nó a dhíscaoileadh (ii) téarmaí tagartha an Choiste a chinneadh agus nósanna imeachta an choiste a rialáil (iii) comhalta den Choiste (lena n-áirítear an cathaoirleach) a cheapadh nó a bhriseadh as oifig, agus (iv) gníomh de chuid an Choiste a dhaingniú,
- I ndáil le Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: (i) na Coistí sin a bhunú (ii) comhalta de na Coistí seo (lena n-áirítear an Cathaoirleach) a cheapadh agus a chur as oifig, agus (iii) tuarascáil ullmhaithe ó gach Coiste acu sin a fháil agus a chinneadh cén gníomh (más ann) ba cheart a thógáil de bharr torthaí aon tuarascáil den chineál sin,
- Plean Seirbhíse Bliantúil a ghlacadh,
- Cumhacht airgead a fháil ar iasacht,
- Cuntais a choinneáil,
- Talamh nó aon leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

Tá an fhreagracht ar an bPríomhfheidhmeannach as gach feidhm eile, ar feidhmeanna feidhmiúcháin iad.

Cód Cleachtais um Rialú ETBanna

Ghlac an Bord leis an gCód nua Cleachtais um Rialú Boird Oideachais agus Oiliúna 2019 agus táthar á fheidhmiú ar fud na heagraíochta.

Chomhlíon an GRETB a gcuid oibleagáidí faoin dlí cánach agus faoin gcód caiteachais phoiblí, agus tá siad tiomanta cloí le polasaithe soláthair agus tá Plean Soláthair Chorparáidigh ullmhaithe agus á chur i bhfeidhm acu. Cuireann Cathaoirleach an Bhoird ráiteas rúnda faoi bhráid an Aire Oideachais gach bliain.

Ról an Bhoird maidir le Ráitis Airgeadais

Faoi Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 éilítear ar an ETB na cuntais chuí agus gnách go léir den airgead a fuaireadar isteach nó a chaith siad a choinneáil i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais agus le toiliú an Aire Airgeadais agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. In ullmhú na gcuntas, ní mór don Bhord:

(a) na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha d'ullmhú ráiteas airgeadais ETB a fheidhmiú
(b) breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus tíosach a dhéanamh
(c) aon athrú ábhartha ó pholasaithe cuntasaíochta caighdeánacha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá dualgas ar an mBord leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann léargas réasúnta cruinn, ag am ar bith, ar staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAcht 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach san eagraíocht mar chuid den phróiseas faofa ar na cuntais bhliantúla. (le haghaidh tuilleadh eolais, féach Ráitis Airgeadais GRETB 2023, a bheidh ar fáil ar a suíomh gréasáin www.gretb.ie a luaithe agus a bhíonn siad iniúchta). I dtuairim an Bhoird, tugann Ráitis Airgeadais 2023 an GRETB léiriú fíor agus cóir ar staid airgeadais an GRETB mar a bhí ar an 31 Nollaig 2023. De réir an Chóid Rialachais le haghaidh ETBanna, cuireadh Tuairisc an Chathaoirligh don bhliain 2023 (lenar áiríodh an Ráiteas um Rialú Inmheánach) faoi bhráid an Aire.

Bainistíocht Riosca

Trí Bheartas Bainistíochta Riosca an GRETB, tá an Bord tiomanta ar chreat soiléir, éifeachtach agus éifeachtúil a fheidhmiú chun rioscaí a bhainistiú. Dhearbhaigh an Bord go ndearna siad measúnú ar phríomhrioscaí sa GRETB in 2023. Tá na rioscaí sin agus na bearta maolaithe a bhaineann leo doiciméadaithe i gClár Rioscaí Corparáideacha an GRETB. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú freisin ar bhainistíocht riosca agus ar na bearta maolaithe.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Tá sé cinn de luachanna aitheanta ag an GRETB atá mar bhonn agus taca lenár nDualgas Earnála Poiblí, áiríonn siad Dínit, Neamhspleáchas, Rannpháirteachas, Ionchuimsiú, Ceartas Sóisialta, agus Ceartas Timpeallachta. Tá ráiteas tosaíochta agus ráiteas próisis leagtha amach ag an GRETB faoi gach luach acu seo agus tá plean gnímh in áit ar mhaithe leis an dualgas a fheidhmiú.

Nochtuithe Cosanta

De réir Acht na Nochtuithe Cosanta, dearbhaíonn an GRETB nach bhfuarthas aon nochtadh cosanta le linn na tréimhse Eanáir go Nollaig 2023.

Acht na dTeangacha Oifigiúla

Faoi Alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla cuireadh dualgas nua ar chomhlachtaí poiblí maidir le fógraíocht. Éilítear leis an bhforáil seo nach mór go mbeadh 20% den fhógraíocht a dhéanann comhlacht sa teanga Ghaeilge, agus 5% ar a laghad d'aon airgead a chaitheann an comhlacht ar fhógraíocht go mbeadh sé trí mheán na Gaeilge. Bunaithe ar mheasúnú inmheánach, bhain an GRETB amach an riachtanas 20% ach ní baileach gur bhain siad amach an riachtanas 5% in 2023. Tá Seirbhísí Corparáideacha, i gcomhar leis an bhFoireann Chumarsáide, ag obair ar bhealaí chun an riachtanas sin a ghnóthú amach anseo.

Próifíl Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Cuireann an GRETB réimse leathan seirbhísí oideachais ar fáil ar fud chontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin. Freastalaítear ar dhaonra ilchineálach ag a mbíonn riachtanais éagsúla oideachais, sóisialta agus cultúrtha. Cuireann muid seirbhísí oideachais ar fáil do dhaonra os cionn 346,446 (POS 2022). I measc na seirbhísí sin áirítear scoileanna náisiúnta pobail (CNS), scoileanna iar-bhunoideachais, ionaid bhreisoideachais agus oiliúna lena n-áirítear Ionad Oideachais Allamuigh agus Oiliúna Cheapach na gCapall, Aonad Oideachais i bPríosún an Chaisleáin Riabhaigh, agus Ionad Oideachais do dhídeanaithe i mBealach an Doirín. Tá an GRETB ina cheanneagraíocht ar thrí thionscadal de chuid Music Generation (Contae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe agus Ros Comáin) agus tá siad freagrach freisin as tacú le soláthar, comhordú agus measúnú ar sheirbhísí obair óige i gcontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Is iad an GRETB an dara ETB is mó sa tír ó thaobh achar geografach de agus tá trí oileán faoina gcúram. Tá an limistéar Gaeltachta is mó sa tír ó thaobh fairsinge agus daonra de i gContae na Gaillimhe. Tá cur chun cinn na Gaeilge ina ghné lárnach de phríomhsheirbhís an GRETB. Tá ocht gColáiste lán-Ghaeilge/Gaeltachta faoi chúram an GRETB agus feidhmíonn roinnt dár nIonad Breisoideachais agus Oiliúna i gConamara trí mheán na Gaeilge.

Fís, Misean, Bunluachanna & Cuspóirí Straitéiseacha

I mí na Nollag 2021 ghlac an Bord le Ráiteas Straitéise 2022-2026 an GRETB. In ullmhú an Ráitis Straitéise tugadh aird ar phríomhstraitéisí náisiúnta ar nós Straitéis na Roinne Oideachais, an Straitéis Bhreisoideachais agus Oiliúna agus straitéisí náisiúnta eile. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin trasearnála le príomhpháirtithe leasmhara, agus mar thoradh air sin aithníodh aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha.



Leagan Ráiteas Straitéise an GRETB síos cuspóirí ardleibhéil don eagraíocht faoi ceithre sprioc straitéiseacha, atá ag teacht le straitéisí náisiúnta oideachais:

- **DAOINE - Meas a bheith againn ar ár bhfoireann, ár scoláirí agus foghlaimeoirí, iad a fhorbairt agus tacú leo**
- **CLÁIR - Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdean, freagrúil agus ionchuimsitheach a chur ar fáil**
- **PRÓISEAS - A bheith chun tosaigh i bhforbairt eagraíochta agus rialachas corparáideach**
- **ACMHAINNEACHT - Próifíl an GRETB a ardú agus cur lenár soláthar i gcomhpháirt lenár bpáirtithe leasmhara**

Sluán an GRETB – Daoine á gCumasú don Saol



Coláistí Pobail

1. Coláiste na Coiribe, Cnoc na Cathrach
2. Coláiste Pobail na Gaillimhe, Móinín na gCiseach
3. Coláiste Mhuirlinne/ Merlin College Dabhach Uisce
4. Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille
5. Coláiste Pobail Ail Finn, Ail Finn
6. Coláiste Pobail Ros Comáin, Baile Ros Comáin
7. Coláiste an Chreagáin, An Creagán
8. Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac
9. Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach
10. Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí
11. Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí
12. Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim
13. Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir
14. Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna
15. Coláiste na bPiarsach, Ros Muc
16. Coláiste Cholmcille, Indreabhán
17. Coláiste Naomh Éinne, Inis Mór
18. Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin
19. Coláiste Ghobnait, Inis Oírr

Scoileanna Náisiúnta Pobail

20. Scoil Náisiúnta Phobail Chuan na Gaillimhe, Cnoc na Cathrach
21. Scoil Náisiúnta Phobail na Leithcheathrún, Co. Ros Comáin

Pobalscoileanna agus Scoil Chuimsitheach

22. Pobalscoil an Chaisleáin Riabhaigh
23. Pobalscoil an Ghleanna (Gleann na Madadh)
24. Pobalscoil Dhún Mór
25. Pobalscoil Phort Omna
26. Pobalscoil an Ghoirt
27. Pobalscoil an Chlochán
28. Pobalscoil Mhic Dara, Carna
29. Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua

Scoileanna Náisiúnta Pobail	Rollú 23/24*
Scoil Náisiúnta Pobail na Leithcheathrún	34
Scoil Náisiúnta Pobail Chuan Na Gaillimhe	113
Iar-Bhunscoileanna (seachas Iar-Ardteistiméireacht/PLC)	
Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille	581
Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim	422
Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí	1015
Coláiste an Chreagáin, An Creagán	87
Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí	236
Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir	1277
Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac	171
Coláiste Cholmcille, Indreabhán	104
Coláiste Ghobnait, Inis Oírr, Oileáin Árann	40
Coláiste Mhuirlinne, Cathair na Gaillimhe	724
Coláiste na bPiarsach, Ros Muc	65
Coláiste na Coiribe, Cathair na Gaillimhe	660
Coláiste Naomh Éinne, Cill Rónáin, Oileáin Árann	55
Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin, Oileáin Árann	41
Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna	70
Coláiste Pobail Ail Finn, Ros Comáin	200
Coláiste Pobail na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe	386
Coláiste Pobail Ros Comáin,	570
Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach	715
Iomlán	7419

*Bunaithe ar rollú 30/09/2023


gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon Education and Training Board
Soláthar Breisoideachais agus Oiliúna
Bhord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Cathair na Gaillimhe Ógtheagmháil
Ionad Oiliúna GRETB
Ionad FET, Bóthar Thuama
Coláiste Pobail na Gaillimhe
Institiúid Theicniúil na Gaillimhe
Seirbhís Oideachas Bunata Aosach na Gaillimhe
Cathair na Gaillimhe
Mainistir na Búille
Bealach an Doirín
An Caisleán Riabhach
Ros Comáin
Dún Mór
Gleann na Madadh
Tuaim
Béal Átha Ghártha
An Creagán
Fearann na Manach
Béal Átha na Sluaighe
Áth Cinn
Béal Átha Clúinín
An Turlach Mór
Ceathrú an Bhrúnaigh
Baile Átha an Rí
Baile Locha Riach
Port Omna
An Gort
Cinn Mhara
Cathair na Gaillimhe
An Spidéal
Maigh Cuilinn
Uachtar Ard
An Fhairche
Leitir Fraic
An Clochán
An Caiseal
Casla
Ros Muc
An Cheathrú Rua
Inis Meáin
Cláir Music Generation agus Seirbhísí Óige ar fáil in áiteanna éagsúla ar fud an réigiúin
1-31 Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna
39-51 Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais
32-38 Ionaid Ógtheagmhála
52 Ionad Oideachais Allamuigh agus Oiliúna Cheapach na gCapall, An Fhairche

Figiúirí sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna 2023		
Catagóir Cláir	**Foghlaimeoir Leithleach**	**Tairbhithe**
Printíseachtaí - Céim 2	257	257
Printíseachtaí tar éis 2016	62	62
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	1,572	2,196
Oiliúint Chumaisc	30	32
Grúpaí den Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)	2,318	3,490
Oideachas Pobail	2,465	3,772
Ionaid Oiliúna Pobail	43	81
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL)	2,920	4,341
Oiliúint Thráthnóna um Breisoideachas & Oiliúna	198	206
Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais & Oiliúna	527	1,384
Cosáin ón Scoil chuig Breisoideachas & Oiliúint	148	148
Dianteagasc Oideachas Bunata Aosach (ITABE)	20	20
Ceardlann Ceartais	49	75
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	140	170
Iar-Ardteistiméireacht	2,326	2,466
Maoiniú Eile	195	207
eCollege ar Líne	223	226
Scileanna don Obair	199	213
Scileanna chun Dul chun Cinn	339	364
Soláthraithe Sainoiliúna	118	181
Oiliúint Sainscileanna	380	425
Oiliúint Cúrsaí Oiliúna	202	224
Treasach	19	19
Príomhscéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS Core)	288	362
Ógtheagmháil	279	383
Foghlaimeoir Leithleach v Gníomhaíocht:	15,317	21,304

*Tagraíonn tairbhithe don líon iomlán rannpháirtithe a bhí ar na cláir ón 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023.

Anuas air sin bhí os cionn 14,000 rannpháirtí rialta ag an GRETB ar chláir Music Generation, agus os cionn 10,000 tairbhí ann de chuid na Seirbhíse do Dhaoine Óga, na Seirbhíse um Threoir san Oideachas Aosach agus de bharr deontais a cuireadh ar fáil ar fud an réigiúin.

Ráiteas Straitéise 2023

Tosaíodh nó seachadadh na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn 2023 de réir Ráiteas Straitéise an GRETB.

Sprioc Straitéiseach 1: DAOINE
Meas a bheith againn ar ár scolairí, foghlaimeoirí agus foireann, iad a fhorbairt aguus tacú leo

Sprioc 1.1: Comhionannas, cuimsiú, éagsúlacht agus dínit a chur chun cinn go réamhghníomhach

- Ardaíodh feasacht maidir le luachanna dhualgas earnála poiblí an GRETB agus cuireadh an plean gaolmhar i bhfeidhm go leanúnach
- Cuireadh oiliúint éagsúlachta agus ionchuimsithe ar fáil ar fud na heagraíochta
- Bhí rochtain mhéadaithe ar Thacaíocht agus Cúnamh Foghlaimeora le teacht níos mó ar theicneolaíocht chúnta
- Sannadh lucht foirne um thacaíocht foghlama d'Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna ar bhonn réigiúnach
- Tacaíodh le breis is 5,000 scoláire /foghlaimeoir ón Úcráin trínár scoileanna, agus cláir agus seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna
- Déanadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal foirgneamh scoile lenar áiríodh aonaid um Riachtanais Speisialta Oideachais.

Sprioc 1.2: Guth na foirne agus na scoláirí a chumasú agus a bheith i mbun caidrimh leo

- Leanadh le rannpháirteachas agus le tacaíocht don lucht foirne a bhíonn páirteach i ngrúpaí/líonraí oibre agus i bhfóraim náisiúnta
- Feidhmíodh Fóram Foghlaimeora Breisoideachais agus Oiliúna i 5 cheantar réigiúnach
- Leanadh ag éascú tuairimí na scoláirí i Scoileanna Gaeltachta an GRETB.

Sprioc 1.3: Tacú le forbairt phearsanta leanúnach do chách

- Ceapadh Comhordaitheoir um Fhoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil don GRETB
- Uasdátaíodh an beartas 'Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil' le hailíniú straitéiseach Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach d'fhoireann an GRETB Cuireadh oiliúint leathan maidir le soláthar, agus sláinte agus sábháilteacht ar fáil ar fud na heagraíochta
- Tá an Tionscnamh Féinmheastóireachta Scoile um Fhorbairt agus Feabhas ar fáil do na scoileanna GRETB go léir. Tugadh isteach an tionscnamh in 2022 agus tháinig méadú air in 2023 chun na nithe seo a leanas a áireamh:
    a. Pleanáil DEIS & SASG. Go dtí seo tá tacaíocht ar leith curtha ar fáil do 19 scoil a bhaineann lena gcomhthéacs féin lenar áiríodh meascán cruinnithe foirne Comhordú Féinmheastóireachta Scoile agus plé ceannairí scoile
    b. Dhírigh seisiúin a bhí éascaithe ag an bhfoireann uile ar thionchar COVID agus Féinmheastóireacht Scoile
    c. Tacaíocht ar leith don chlár DEIS
    d. Comhroinnt acmhainní méadaithe tríd an líonra gairmiúil a bunaíodh do chomhordaitheoirí trí Teams.
- Acmhainn ceannaireachta forbartha trí sheachadadh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach um Cheannaireacht don dream le poist Príomhoide Cúnta 1/Príomhoide Cúnta 2.

Sprioc 1.4: Tionscnaimh fholláine don lucht foirne, do na scoláirí agus na foghlaimeoirí go léir

a chur chun cinn

- Fuair Ceanncheathrú an GRETB athchreidiúnú faoi "Keepwell Mark" IBEC
- Rinneadh breis cur chun cinn ar an gClár um Chúnamh d'Fhostaithe ar fud na heagraíochta
- Leanadh ag tairiscint go leor tionscnamh folláine ar líne agus leis na daoine féin, ag áireamh ranganna éagsúla don fhoireann agus sraith tionscnamh meabhairshláinte agus coirp
- Cuireadh tuilleadh dífhibrileoirí isteach i roinnt scoileanna agus ionad
- Tugadh isteach Oideachas Féiniúlachta, ilchreidimh agus Luachanna (IMBV Ed.) sna Scoileanna GRETB do 2023-2024. Bhain sé scoil de chuid an GRETB triail as an tionscnamh. Táthar ag súil é a leathnú amach in 2024.
- Tugadh isteach an clár 'Toiliú Gníomhach' sa mBreisoideachas agus Oiliúint agus tá breis is 30 ball foirne oilte mar éascaitheoirí.

Sprioc Straitéiseach 2: CLÁIR
Cláir oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán, freagrúil agus ionchuimsitheach a chur ar fáil

Sprioc 2.1: Cláir agus scileanna inrochtana, freagrúil don fhoghlaim fadsaoil, d'fhorbairt phearsanta agus d'fhostaíocht a chur ar fáil

- Forbraíodh agus leathadh amach cláir nua Breisoideachais & Oiliúna de réir na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna agus éileamh áitiúil
- Leanadh le feidhmiú Straitéis 10 mbliana na Scileanna Litearthachta, Uimhearthachta agus Digiteacha
- Tugadh tacaíocht leanúnach don líon méadaitheach sa Bhreisoideachas agus Oiliúint, go mór mór sa soláthar páirtaimseartha Tairiscint níos leithne in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna ar mhaithe le rochtain níos fearr do chách
- Tús curtha le Céimeanna Treasacha
- Príomhphoist ceaptha san aonad Fiontair, Straitéise & Cumarsáide ar mhaithe le tuilleadh forbartha ar rannpháirtíocht agus soláthar fiontair dóibh sin i bhfostaíocht
- Chuaigh an GRETB i dteagmháil leis an tionscnamh Mapáil Soláthair Náisiúnta a thacóidh le scoileanna GRETB chun:
    a. Dea-chleachtas atá ann cheana maidir le hoideachas ionchuimsitheach agus speisialta/breise a dhearbhú
    b. Cuir chuige bunaithe ar shonraí a fhorbairt don oideachas speisialta ionchuimsitheach agus don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach
    c. Scoileanna a threorú ina bhfeidhmiú ar fhéinmheastóireacht scoile
    d. Beartais agus creata atá ann cheana a chomhtháthú.
- D'fheidhmigh an GRETB Podchraoltaí Éitis mar chuid de thionscnamh Éitis na Scoile i bpáirt leis an BOOÉ (ETBI). Áirithe sna Podchraoltaí bhí díospóireachtaí le cainteoirí ó chúlraí éagsúla ar thopaicí ar nós éagsúlacht, frithchlaontacht, cníochas agus go leor eile.

Sprioc 2.2: Tacú le cruthaitheacht agus nuálaíocht i ngach clár

- Baineadh amach chéad duais náisiúnta an BOOÉ (ETBI) maidir le nuálaíocht i dTacaíocht agus Forbairt Eagraíochta a bhain le soláthar glas. Bhain an tionscadal le dramhaíl scoile a d'athraigh conraitheoir dramhaíola an GRETB go leasú, agus a úsáidtear chun píosaí glasa ag an scoil a leasú
- Bhain péire de scoileanna an GRETB (Ail Finn agus Cláirín) dhá dhuais náisiúnta amach ag Junk Kouture 2023. Chuaigh Ail Finn ar aghaidh ina dhiaidh sin go craobh an domhain i Monacó áit ar éirigh leo duais a bhaint amach arís.
- Trí leathnú amach an chláir 'Music Generation' ar fud na trí réigiún mhéadaigh na tairbhithe go 14,000 duine.
- D'eagraigh an Clár Áitiúil Óige Chruthaitheach comhairliúchán réigiúnach chun cur ar chumas daoine óga sa réigiún chéad chlár 5 bhliana eile na n-ealaíon chruthaitheach don GRETB a mhúnlú.

Sprioc 2.3: Tacú le barr feabhais sa teagasc, foghlaim agus measúnú

- Déanann Príomhoidí, Príomhoidí Tánaisteacha agus ceannairí eile scoile uasoiliúint go leanúnach agus bíonn siad rannpháirteach i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach, lena n-áirítear Ag Féachaint ar ár Scoileanna, Féinmheastóireacht Scoile, Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta, Cód Cleachtais Ghairmiúil na Comhairle Mhúinteoireachta agus Acht Oideachais (1998).
- Chas Fóram na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha le chéile go rialta in 2023 agus chuaigh siad i ngleic le nithe ar nós rialachas scoile, iontrálacha, fionraí, iniúchadh pleananna scoile, cosaint leanaí, folláine na scoláirí, acmhainní daonna, airgeadas na scoile, folláine an lucht foirne, oideachas lán-Ghaeilge agus folláine ceannairí scoile.
- Ghlac scoileanna GRETB páirt i gcláir inseirbhíse a bhí á gcur ar fáil ag an Lárionad Ceannaireachta Scoile (CSL), OIDE, an Chomhairle Mhúinteoireachta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Gaeloideachas agus BOOÉ.
- Forbraíodh beartas agus gnásanna nua Teagaisc, Foghlama & Measúnaithe do Bhreisoideachas agus Oiliúint.

Sprioc 2.4: Dearbhú Cáilíochta a chur chun cinn i ngach clár

- Tá teagmháil leanúnach ag an GRETB le Cigireacht na Roinne Oideachais agus leantar ag feidhmiú aon mholtaí a thagann uathu
- Coinníonn an Clár Breisoideachais agus Oiliúna ag feidhmiú moltaí ó athbhreithniú Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
- Tá Stiúrthóir BOO (ETB) ina dhuine de cheannairí an Ghrúpa Tasc & Críochnaigh (Task & Finish) an BOOÉ/DCCÉ a mhaoirsíonn athfhorbairt agus uasdátú na gclár náisiúnta
- Táthar ag leanúint leis na gnáthaimh d'aithint agus ceadú clár nua sa Bhreisoideachas agus Oiliúint
- Bailíochtú difreálach bainte amach trasna raon cúrsaí micridhintiúr
- Athbhreithniú agus ullmhú déanta d'athbhailíochtú an Chláir Printíseachta Crannadóireachta.

Sprioc Straitéiseach 3: PRÓISEAS
A Bheith chun Tosaigh i bhforbairt eagraíochta agus rialachas corparáideach

Sprioc 3.1: Ár gCumarsáid inmheánach agus seachtrach a fheabhsú

- Eagraíodh go leor imeachtaí i scoileanna agus ionaid agus sa Cheanncheathrú chun 10 mbliana ar an bhfód na mBord Oideachais agus Oiliúna a cheiliúradh. Rinneadh go leor fógraíochta ar na himeachtaí sin sna meáin shóisialta agus sna meáin chlóite
- Mhéadaigh an GRETB a gcuid fógraíochta trí Ghaeilge ag teacht le hAlt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla
- Uasdátaíodh an t-ardán inmheánach a úsáidtear chun eolas a roinnt
- Forbraíodh treoirlínte brandála
- Uasghrádaíodh agus uasdátaíodh gach teimpléad fógraíochta
- Bunaíodh 'Seisiúin Am Lóin' chun oiliúint ar líne agus nuashonrúcháin a chur ar fáil don fhoireann.

Sprioc 3.2: Rialachas eiticiúil a chur chun cinn chun cuntasacht a chinntiú

- Le linn 2023 d'fhorbair Stiúrthóireacht Scoileanna an GRETB córas nuashonrúcháin téamacha Rialachais a chuireann eolas maidir le réimsí oibre criticiúla ar fáil do Cheannairí Scoile agus do Bhord an GRETB, mar shampla, toiliú gníomhach, cosaint leanaí, éiteas, REALT, líonra gaeloideachais, cuimsiú agus féinmheastóireacht scoile
- Forbraíodh treoirlínte maidir le húsáid Airteagail 5.2 de Threoir an AE maidir le Soláthar agus cuireadh oiliúint leathan ar fáil sa réimse sin
- Chuir an clár Breisoideachais agus Oiliúna ardán ar fáil chun sraith seisiún oiliúna agus uasdátú comhlíontachta a sholáthar don lucht foirne a oibríonn sna rannóga Sláinte agus Sábháilteacht, Bainistíocht Buiséid, agus Soláthar.
- Leanadh ag maoirsiú na ngníomhaíochtaí go léir trí raon grúpaí rialachais - Fostaíocht Pobail/Stiúrthóirí, SMT, Grúpaí Stiúrtha, Bord um Cheadú Clár, Ciste Cosanta Pinsin (PPF), ARC, Coiste Airgeadais, Boird Bhainistíochta.

Sprioc 3.3: Timpeallachtaí teagaisc, foghlama agus oibre ar ardchaighdeán, inrochtana agus measúil a chur ar fáil

- Cuireadh leathanbhanda ardluais ar fáil i roinnt ionad Breisoideachais agus Oiliúna - sa Ghort, i mBéal Átha na Slua, Ros Comáin, Bealach an Doirín, Mainistir na Búille agus An Caisleán Riabhach
- Cuireadh tús le huasghrádú córas WiFi i roinnt scoileanna, Coláiste Naomh Eoin, Coláiste Mhuirlinne, Coláiste Ghobnait agus Coláiste Naomh Éinne
- Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal TF chun éifeachtacht agus slándáil a fheabhsú, tugadh amach ceadúnais A5, eagraíodh feachtais fioscaireachta, ardaíodh feasacht maidir le cibearshlándáil, tosaíodh ag obair ar fheidhmiú Chaighdeán Bunlíne Cibearshlándála Earnála Poiblí an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála
- Críochnaíodh Céim 1 d'Fhoirgneamh Cambridge, rud a chuir ceithre cheardlann eile don phrintíseacht leictreora ar fáil
- Seoladh isteach cás gnó tosaigh an Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna i gcathair na Gaillimhe chuig SOLAS
- Faoin gCiste Straitéiseach um Uasghrádú Infreastruchtúir (SIUF) fuarthas cead dul ar aghaidh le dhá thionscnamh Breisoideachais agus Oiliúna, siad sin TELHUB sa Bhaile Bán agus cóiríocht bhreise ag Ionad Oideachais Allamuigh & Oiliúna Cheapach na gCapall
- Rinneadh dul chun cinn ar Ghael Champas nua Choláiste an Eachréidh agus Scoil Riada i mBaile Átha an Rí
- Rinneadh dul chun cinn ar thionscadail maidir le cóiríocht bhreise do Choláiste Naomh Bríd i mBaile Locha Riach, Coláiste Cholmcille Indreabhán, Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac, Coláiste Pobail Ail Finn, Coláiste Pobail na Mainistreach, Coláiste Pobail Ros Comáin, Coláiste Pobail na Gaillimhe, Coláiste Bhaile Chláir agus Coláiste na bPiarsach
- Críochnaíodh an t-athchóiriú ar fho-oifig Ros Comáin agus ar an gcóiríocht bhreise i gColáiste Pobail na Gaillimhe
- Ceannaíodh talamh i mBaile Átha an Rí agus in Ail Finn le haghaidh tionscadail méadú scoile
- Leanadh ar aghaidh leis an gcumarsáid leis an Roinn Oideachais maidir le scoil nua a fhorbairt do Chuan na Gaillimhe
- Ceapadh Oifigeach um Chuimsiú don Chlár Breisoideachais agus Oiliúna agus méadaíodh na Tacaíochtaí d'Fhoghlaimeoirí.

Sprioc 3.4: Bealaí nua foghlama agus oibre a fhorbairt agus tacú leo

- Feidhmíodh córas taistil ar líne, córas do thuairiscí ionad costais agus tuarascáil airgeadais - DEPM
- Dréachtaíodh beartas obair chumaisc agus feidhmíodh tionscnamh phíolótach obair chumaisc don fhoireann incháilithe
- Tosaíodh ag feidhmiú córas earcaíochta ar líne
- Leanadh ag soláthar cláir ghairide Breisoideachais agus Oiliúna mar aon le gnéithe de na cláir ar líne de réir ghnásanna ceadaithe Dearbhú Cáilíochta
- Bunaíodh 5 mhol réigiúnach don Chlár Breisoideachais agus Oiliúna ar mhaithe le pleanáil réigiúnach, comhroinnt acmhainní agus bealach chun aiseolas agus riachtanais foghlaimeoirí a mheas.

Sprioc Straitéiseach 4: ACMHAINNEACHT
Próifíl an GRETB a ardú agus cur lenár soláthar i gcomhpháirt lenár bpríomhpháirtithe leasmhara

Sprioc 4.1: Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn mar theanga bheo agus mar theanga oibre

- Riaradh an clár scoláireachta DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) don earnáil oideachais agus d'oibrigh muid leis an Roinn ar mholadh go leathnófaí an clár in 2024
- Chuir an Stiúrthóireacht Scoile béim ar chomh tábhachtach agus atá sé go mbeadh sonraíocht thairiscint an Chórais Bainistíochta Faisnéise (MIS) oiriúnach do riachtanais na Gaeltachta agus cainteoirí Gaeilge
- Mhaoinigh Roinn na Gaeltachta 'Scéim Bhliain ar Oileán 2023-2024' ar fiú €180,000 sa mbliain é, chun tacú le 30 scoláire i scoileanna GRETB atá lonnaithe ar oileáin. Comhordaíonn an GRETB rannpháirtíocht agus tacaíonn le soláthar agus tuairisciú na scéime.
- Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta 2017-2022 (síneadh curtha leis go Lúnasa 2024), bhain 7 Scoil

Ghaeltachta amach 11 critéar rathúil Scéim Aitheantais 2023-24.

- Leanadh leis an tacaíocht d'Oireachtas na Samhna
- Leanadh leis an rannpháirtíocht idir an GRETB agus Údarás na Gaeltachta chun deiseanna comhoibrithe eatarthu a aithint chun freastal ar riachtanais an tsoláthair Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET) sa réigiún.

Sprioc 4.2: An soláthar oideachais agus oiliúna inár réigiún a fheabhsú agus a chur chun cinn

- Cláraíodh scoileanna GRETB mar chomhpháirtithe comhairliúcháin le proiséas An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) maidir le forbairt na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí
- Atheagraíodh an tairiscint Bhreisoideachais agus Oiliúna ar fud an réigiúin le deis níos fearr a chur ar fáil do chách, tugann an líon mór foghlaimeoirí léiriú air seo
- Cuireadh i bhfeidhm an Ciste Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí a chumasaíonn foghlaimeoirí chun páirt a ghlacadh agus fanacht ar chúrsaí
- Tá rochtain níos leithne ar thacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí ar fáil de bharr méadú ar oibrithe tacaíochta agus fáil a bheith ar thacaíochtaí leanúnacha lena n-áirítear ateangaireacht TCÉ agus teicneolaíochtaí cúnta
- Comhcheanglaíodh Treoir agus Eolas leis na Seirbhísí Earcaíochta, chun pointe teagmhála uileghabhálach amháin a chruthú trí uimhir shaorghlao agus teacht níos fearr d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha ar fhreagraí agus tacaíochtaí maidir lena n-iarratais.

Sprioc 4.3: Tuilleadh forbartha agus láidriú a dhéanamh ar ár líonraí agus comhpháirtíochtaí le príomhpháirtithe leasmhara

- Reachtáladh Comhdháil Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha na hearnála BOO (ETB) i nGaillimh.
- Leanadh leis an rannpháirtíocht le Fóram Scileanna Réigiúnacha an Iarthair, Comhairlí Contae agus Cathrach na Gaillimhe agus Ros Comáin, Údarás na Gaeltachta, Muintearas, Roinn na Gaeltachta, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Ollscoil na Gaillimhe, Comhlachas Tráchtála, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), BOOÉ (ETBI), An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), An Roinn Oideachais, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, fostóirí agus tionscail réigiúnacha agus áitiúla.

Sprioc 4.4: Tacú le hinbhuanaitheacht trínár mbonneagar, ár bpróisis agus ár gcláir

- Monatóireacht agus tuairisciú leanúnach ar úsáid fuinnimh i saoráidí de chuid an GRETB
- Tugadh roinnt iniúchtaí fuinnimh chun críche in 2023 agus tosaíodh ag feidhmiú na moltaí
- Tá tionscadail thógála ag dul ar aghaidh chun úsáid fuinnimh i saoráidí de chuid an GRETB a fheabhsú.
- Tosaíodh ag obair ar dhréachtú Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Ceapadh Oifigeach Fuinnimh
- Dul chun cinn á dhéanamh ar na 16 iarratas a ceadaíodh faoin gclár Fótavoltach.

Ráitis Airgeadais 2023

Ráitis Airgeadais 2023 - Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil Ráiteas Airgeadais Bhliantúil an GRETB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) ag an am a bhfoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2023 an GRETB. Beidh ráitis airgeadais 2023 an GRETB ar fáil ar a suíomh gréasáin www.gretb.ie a luaithe is a bhíonn siad iniúchta.

Tá sonraí airgeadais a bhaineann leo seo a leanas áirithe sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil:

- Sonraí maidir le táillí neamh-thuarastail íoctha le Comhaltaí Boird agus anailísithe de réir catagóir táillí
- Sonraí comhiomlán cúiteamh príomhbhainistíochta, anailísithe de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta ina iomláine:
    - Tuarastail agus sochair ghearrthéamacha fostaithe
    - Sochair Iarfhostaíochta
    - Sochair i dtaca le Foirceannadh
- Cúiteamh príomhbhainistíochta más ann dó
- Sonraí maidir le líon na bhfostaithe ar thit a sochar iomlán fostaí don tréimhse thuarascála (gan costas pinsin fostóra a áireamh) idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá de €10,000 agus €60,000 suas agus figiúr foriomlán le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin fostóra.